



ÉIRE

IRISH REPUBLICAN BROTHERHOOD

GLUAIS TÉARMAÍ

11-7-22

- Eachtrannach:** Duine fireann nó duine baineann, is cuma cén aois é/í, nár rugadh in Éirinn agus a bhfuil cónaí air/uirthi in Éirinn agus nach bhfuil ar a laghad aon tuismitheoir amháin aige/aici a rugadh in Éirinn.
- Saoránach:** Duine fireann nó duine baineann, is cuma cén aois é/í, a rugadh in Éirinn, a bhfuil cónaí air/uirthi in Éirinn, agus a bhfuil ar a laghad aon tuismitheoir amháin aige/aici a rugadh in Éirinn.
- Deoraí:** Duine fireann nó duine baineann, is cuma cén aois é/í, atá scartha óna t(h)ír nó óna b(h)aile go deonach nó de bharr riachtanais.
- Lá na Saoirse:** An 21 Eanáir.
- Éire:** Oileán na hÉireann arb é atá ann Aontroim, Ard Mhacha, Baile Átha Cliath, an Cabhán, Ceatharlach, Ciarraí, Cill Chainnigh, Cill Dara, Cill Mhantáin, an Clár, Corcaigh, Doire, an Dún, Dún na nGall, Fear Manach, Gaillimh, an Iarmhí, Laois, Liatroim, Loch Garman, an Longfort, Lú, Luimneach, Maigh Eo, an Mhí, Muineachán, Port Láirge, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann, Tír Eoghain, Uíbh Fhailí.
- Saorstát Éireann:** Corparáid na Corónach a rialaíonn Baile Átha Cliath, an Cabhán, Ceatharlach, Ciarraí, Cill Chainnigh, Cill Dara, Cill Mhantáin, an Clár, Corcaigh, Dún na nGall, Gaillimh, an Iarmhí, Laois, Liatroim, Loch Garman, an Longfort, Lú, Luimneach, Maigh Eo, an Mhí, Muineachán, Port Láirge, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann, Uíbh Fhailí.
- Poblacht na hÉireann:** An Stát Ceannasach Neamhspleách lena n-áirítear a chríocha uile: talamh, aer, uisce, (lena n-áirítear farraigí teorann) agus a acmhainní nádúrtha (freisin: **Éire, Éire, Éireann (tuiseal ginideach) Éirinn (tuiseal tabharthach).**

- Bunreacht Ceannasach:** Bunreacht Phoblacht na hÉireann arna fhógairt i gcogadh ar Luan na Cásca an 24 Aibreán, 1916 agus arna bhunú trí Thoil an Phobail an 21 Eanáir 1919.
- Ceadúnas Ceannasach:** Ceadúnas bailí bona fide a dheonaigh BPÉ faoi réir théarmaí úsáide do bhliain féilire anuas go dtí an 20 Eanáir agus a fhéadfar a atheisiúint faoi réir théarmaí úsáide leanúnacha.
- Dáil Éireann:** An Dáil arna bunú trí Thoil an Phobail an 21 Eanáir 1919 agus chuig ar aistríodh a cumhachtaí rialachais ar Phoblacht na hÉireann ó BPÉ ar choinníoll go leanfadh an Dáil clár an Bhráithreachais de réir fhuarlitir an dlí, agus an ceadúnas chun iad a oibriú a bheith le hathnuachan gach bliain an 21 Eanáir ag BPÉ.
- Cúirteanna Dháil Éireann:** Na Cúirteanna arna mbunú trí Thoil an Phobail an 21 Eanáir 1919 chun cearta an Fhir Cheannasaigh agus cearta na Mná Ceannasaí a chosaint agus an ceadúnas chun iad a oibriú a bheith le hathnuachan gach bliain an 21 Eanáir ag BPÉ.
- An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta:**
Comhlacht Comhairleach le haghaidh Rialtas Phoblacht na hÉireann le toscairí a bheidh ionadaitheach do na leasanna éagsúla tráchtála nó eacnamaíochta sa Phoblacht lena n-áirítear iad seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: **an Talmhaíocht, an tIascach, Mianraí, an Déantúsaíocht, an Dáileadh (Dáileadh an Táirge Baile), an tIompar (Mórbhealaí, Iarnróid, Canálacha, an Loingeas, an Eitlíocht), an Bhaincéireacht, an Ghaeltacht.**
- Muintir na hÉireann:** Fir na hÉireann agus Mná na hÉireann.

N.B. Is chun críoch tagartha amháin í an Ghluais seo agus í i gcomhréir le cearta ceannasacha Fhir agus Mhná na hÉireann agus faoi réir an Dlí Nádúrtha gach tráth ábhartha.

Ar son na hÉireann agus a Clainne